Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2023/0220(NLE)

6.3.2024

****

DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht Arabach na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais
(15093/2023 – C9-0017/2024 – 2023/0220(NLE))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Mounir Satouri

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 4

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht Arabach na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais
(15093/2023 – C9-0017/2024 – 2023/0220(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (15093/2023),

– ag féachaint don dréacht-Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht Arabach na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais (15086/2023)

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 212, le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0017/2024),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0000/2024),

1. Ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an Phrótacail;

2. Á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Arabach na hÉigipte.